

Irish translation of:

Tuberculosis. The disease, its treatment and prevention.

An eitinn

An galar, á cóireáil agus á cosc

Is galar ionfhabhtach é an eitinn a ghabhann i gcion ar na scamhóga de ghnáth cé go dtig léi dul i gcion ar bhall ar bith den cholainn.

Thart fá 150 de bhlianta ó shin, tharraing sí thart fá bhás amháin as achan ocht sa Ríocht Aontaithe ach fá na 1980anna, le tithíocht is cothú níos fearr agus cóireáil éifeachtach ann, bhí sí neamhchoitianta sa Ríocht Aontaithe – le 5,745 de chásanna in 1987.

Ách níor cuireadh críoch leis an eitinn ar fad. Le 20 bliain anuas, tá ardú tagtha de réir a chéile ar an líon sa Ríocht Aontaithe. Faigheann thart fá 8,000 duine an eitinn achan bhliain anois (a mbaineann thart fá 65 le Tuaisceart Éireann).

Ní ghlactar an eitinn go furasta – caithfidh tú a bheith i dteagmháil dhlúth ar feadh i bhfad le duine inteach ar a bhfuil an eitinn (mar shampla, i do chónaí sa teach céanna) – ach ba cheart d'achan duine a bheith ar an eolas fá dtaobh d'airí an ghalair chun go dtig leofa cóireáil a iarraidh chomh gasta agus is féidir.

Is féidir an eitinn a leigheas le cúrsa antaibheathach speisialta.

Goidé mar a scaiptear an eitinn agus goidé cho cosúil agus atá sé go n-ionfhabhtófar mé?

Ní féidir an eitinn a ghlacadh go díreach ach ó dhuine inteach ag a bhfuil eitinn ionfhabhtach sna scamhóga nó sa sceadamán. Cé go scaiptear an eitinn fríd an aer nuair a níonn daoine a bhfuil an galar orthu casachtaigh nó srólfach, caithfear teagmháil dhlúth is fhada le duine infhabhtach a bheith ann chun an galar a ghlacadh.

Ní bhíonn achan duine ar a bhfuil an eitinn ionfhabhtach agus, fhad is a bhíonn an chóireáil cheart á glacadh acu, éiríonn an mhórchuid de dhaoine a bhí ionfhabhtach neamhionfhabhtach measartha gasta – de ghnáth i ndéidh thart fá dhá sheachtain.

Cé go dtig le duine ar bith an eitinn a ghlacadh, bíonn grúpaí áirithe fá riosca níos mó ná daoine eile.

Áirítear leofa seo:

- páistí ar tháinig a dtuismitheoirí nó a seantuismitheoirí as tír ina bhfuil ráta ard den eitinn, dála a lán tíortha san Áis, san Afraic agus in oirthear na

hEorpa (chun liosta suas chun dáta de thíortha ina bhfuil ráta ard den eitinn a fháil, féach www.hpa.org.uk/web/HPAweb&HPAwebStandard/HPAweb_C/1195733837507)

Fosta, daoine:

- a d'fhéadfadh a bheith ina gcónaí in aon lion tí – nó a bheith i dteagmháil dhlúth is fhada – le duine inteach ar a bhfuil eitinn ionfhabhtach;
- atá ina gcónaí i gcóiríocht mhífholláin nó phlódaithe, lena n-áirítear iad siúd atá gan dídean nó a chodlaíonn amuigh faoin spéir;
- a bhí ina gcónaí, ag obair nó ag stopadh ar feadh tréimhse i bhfad i dtír ina bhfuil ráta ard den eitinn;
- a d'fhéadfadh a beith nochtaithe don eitinn le linn na hóige nuair ba choitianta an galar sa tír seo;
- a bhfuil tamall caite sa phríosún acu;
- nach bhfuil i ndán fáil réidh le hionfhabhtú de thairbhe tinnis (m.s ionfhabhtú VEID) nó cóireála;
- atá gafa ag drugaí nó a bhaineann drochúsáid as alcól;
- nach n-itheann dóthain chun fanacht folláin.

Goidé mar a bheidh a fhios agam go bhfuil an eitinn orm?

Áirítear leis na hairí is coitianta den eitinn:

- casacht sheasmhach a éiríonn níos measa de réir a chéile thar roinnt seachtainí;
- cailleadh meáchain gan aon ábhar follasach;
- fiabhras agus allas trom san oíche
- mothúchán ginearálta de thuirse agus a bheith tinn;
- casacht fola.

Fosta, thiocfadh airí d'fhadhbanna eile a bheith ann ach más rud é go mbíonn said ort agus go bhfuil inní ort, labhair le dochtúir nó le haltra ag an ionad sláinte áitiúil.

Má tá teagmháil dhlúth agat le duine inteach ar a bhfuil an eitinn agus go bhfuil riosca ann go bhféadfadh an t-ionfhabhtú a bheith ort féin, déanfar scrúdú sláinte a thairiscint duit.

Más rud é go bhfuil an eitinn orm, an féidir mé a leigheas?

Is féidir an eitinn a chóireáil le hantaibheathaigh speisialta. Chomh luath agus a thoisíonn an chóireáil, toiseoidh tú ag aireachtáil níos fearr i ndéidh thart fá dhá go ceithre de sheachtainí. Ach caithfear leanstan den chóireáil ar feadh sé mhí ar a laghad. Tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuireann tú críoch leis an chúrsa antaibheathach chun an eitinn a leigheas. Mura gcuireann, d'fhéadfadh an t-ionfhabhtú pilleadh i riocht a sheasfaidh in aghaidh na ngnáthdhrugaí agus a bheith i bhfad níos deacra a leigheas. Agus d'fhéadfá an riocht níos tromchúisí seo den ionfhabhtú a chur anonn do do theaghlach is do chairde.

Mura ndéantar an eitinn a chóireáil i gceart, d'fhéadfadh an bás féin teacht dá thairbhe.

Goidé mar is féidir an eitinn a chosc?

Is é an dóigh is tábhachtaí is is éifeachtúla le cosc a chur ar an eitinn ó bheith ag scaipeadh sa tír seo ná daoine a dhiagnóisiú leis an ghalar chomh luath agus is féidir agus cinntiú go mbíonn cúrsa iomlán de chóireáil cheartúcháin acu. Caithfear daoine i dteagmháil dhlúth leis an duine sin a sheiceáil fosta chun a chinntiú nach raibh an eitinn orthu sin fosta. Is é sin is siocair go bhfuil sé chomh tábhachtach a bheith ar an eolas fá dtaobh den ghalar.

Shíl mé go gcoscfaí an eitinn fríd vacsaín?

Tá vacsaín ann (BCG) atá i bhfeidhm le neart blianta chun cuidiú le cosc in éadan na heitinne. Oibríonn BCG is fearr chun na riochtaí is tromchúisí den eitinn a chosc i bpáistí. Ina dhéidh sin, ní choiscíonn vacsaín BCG an eitinn in achan chás is mar sin caithfidh tú a bheith ar an eolas go fóill fá dtaobh de chomharthaí is d'airí na heitinne.

Cé a ndéantar vacsainiú a thairiscint díofa?

Déantar vacsaín BCG a thairiscint do:

- achan leanbán is tachrán fá 12 mhí d'aois le tuismitheoir nó seantuismitheoir a rugadh i dtír ina bhfuil an eitinn in 40/100,000 den daonra nó níos mó;
- páistí fá 16 bhliain d'aois nach bhfuair vacsainiú cheana féin ar rugadh a dtuismitheoirí nó a seantuismitheoirí, nó a thagann as, tíortha le níos mó ná 40/100,000 d'eitinn nó níos mó;
- inimircigh úra ó thíortha le rátaí arda den eitinn nach bhfuair vacsainiú cheana féin;
- daoine in aois 16–35 nach bhfuair vacsainiú cheana féin a bhaineann le grúpaí ceirde áirithe leithéid oibrithe cúraim shláinte agus daoine eile a d'fhéadfadh teagmháil a dhéanamh le daoine a bhfuil an eitinn orthu;

- daoine a bhí i dteagmháil dhlúth le duine inteach eile ar a bhfuil eitinn ionfhabhtach.

Tá mé ag dul thar sáile, an mbeidh feidhm agam ar instealladh BCG?

Má tá tú chun cuairt a thabhairt, a bheith i do chónaí nó ag obair i dtír ina bhfuil ráta ard den eitinn ar feadh breis agus mí amháin, tá sé tábhachtach go mbíonn tú cosanta ón eitinn. Iarr comhairle ag ionad an dochtúra nó ag an chlinic.

An eitinn – ceisteanna coitianta

Ní chasfaidh an mhórchuid de dhaoine a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann le duine ar a bhfuil an eitinn. Riosca íseal atá ann an eitinn a ghalacadh i dTuaisceart Éireann. Ina dhéidh sin, tá sé tábhachtach gurfeasach airí na heitinne do dhaoine agus go mbíonn a fhios acu goidé mar a scaiptear is a chóirítear an eitinn. Tá sé tábhachtach fosta go dtuigeann daoine an riosc atá ann díofa féin is dá dteaghlaigh.

Iompar poiblí agus áiteanna poiblí iata

Ní chuireann a bheith ag baint feidhme as iompar poiblí ó lá go lá faoi bhreis riosca thú go nglacfaidh tú an eitinn.

An eitinn ar scoil

Bíonn sé seo iontach annamh ach tig leis buairt mhór a tharraingt. Ní scaipeann páistí ar a bhfuil an eitinn an galar riamh ach annamh. Glacann páistí an eitinn ó dhaoine fásta a bhfuil an eitinn sna scamhóga orthu. Dá mba rud é go bhfuarthas an eitinn a bheith ar pháiste ar scoil, d'eagrófaí scagthástáil le cinntiú nach ndéanfaí duine ar bith eile a ionfhabhtú agus foinse an ionfhabhtaithe a shainaithint. De ghnáth is éard is foinse léi ball dlúth den teaghlach nó duine inteach as an lion tí céanna. Dá mba rud é go bfuarthas eitinn ionfhabhtach a bheith ar bhall fásta den fhoireann, dhéanfaí páistí a scagthástáil ansin i ndéidh comhairle fá dtaobh de shláinte phoiblí a fháil.

Cad chuige ar stad clár BCG na scoileanna más rud é go bhfuil an eitinn ag gabháil i méid?

Tá patrún na heitinne athraithe go mór ó tugadh isteach clár BCG sna scoileanna in 1953. Ní feidhm tuilleadh ar ábhar le páistí a vacsainiú nach bhfuil ach riosca iontach íseal ón eitinn acu (tá beagnach achan duine i dTuaisceart Éireann sa chatagóir seo). Tairiscíonn an beartas nua BCG do na daoine sin is mó atá fá riosca an eitinn a ghalacadh agus is cosúla leas a fháil de thairbhe vacsainíthe chomh luath sa bheatha agus is féidir nuair is éifeachtaí don vacsaín.

Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil fá chosaint duit féin, do theaghlach agus do chairde in éadan na heitinne, tig leat labhairt le do dhochtúir nó teagmháil a dhéanamh le TB Alert.

Is carthanacht é TB Alert atá tiomanta feasacht a ardú fá dtaobh den eitinn agus troid a chur ar an eitinn ar fud na cruinne.

TB Alert

22 Tiverton Road
London NW10 3HL
Phone: 0845 456 0995
Email: info@tbalert.org

Tig leat tadhall fosta ar:
www.dhsspsni.gov.uk/immunisation
www.dh.gov.uk
www.hpa.org.uk
www.immunisation.nhs.uk
www.tbalert.org

Chun liosta suas gu dáta de thíortha ina bhfuil ráta ard den eitinn a fháil, féach:
www.hpa.org.uk/web/HPAweb&HPAwebStandard/HPAweb_C/119573383750
7



Produced by the **Public Health Agency** on behalf of the Department of Health, Social Services and Public Safety. Crown Copyright material reproduced with the permission of the Controller of HMSO and the Queen's Printer for Scotland.